Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Meán Fómhair 2025 (OR. en)**

**13166/25**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0066 (NLE)**

**ASIE 36**
**RECH 407**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le hathnuachan an Chomhaontaithe le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an Comhphobal Eorpach agus Rialtas Phoblacht na hIndia<br>- Glacadh |

1. An 26 Márta 2025, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra uaidh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle a bhaineann le hathnuachan an Chomhaontaithe[1] le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an Comhphobal Eorpach agus Rialtas Phoblacht na hIndia.

2. Tar éis an chruinnithe a bhí ag an Meitheal um Thaighde (Ceisteanna Adamhacha) an 3 Aibreán 2025 agus tar éis comhairliúchán i scríbhinn ina dhiaidh sin, tháinig an Mheitheal um Thaighde ar chomhaontú maidir leis an togra.

3. An 22 Bealtaine 2025, chinn an Chomhairle an dréacht-Chinneadh ón gComhairle a bhaineann le hathnuachan an Chomhaontaithe a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa lena toiliú a fháil.

4. Ag an seisiún iomlánach a bhí aici an 10 Meán Fómhair 2025, thug Parlaimint na hEorpa a toiliú maidir le hathnuachan an Chomhaontaithe.

---

[1] IO L 213, 9.8.2002, lch. 29-29

5. Dá réir sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle an Cinneadh ón gComhairle maidir le hathnuachan an Chomhaontaithe, i gcuid 'A' ag ceann de na seisiúin a bheidh aici amach anseo, mar a leagtar amach in 8080/25 é tar éis bailchríoch a bheith curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga, a ghlacadh.